

# Stair

## Gluais de bhriathra gnímh

**Sainaithin** - patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair **2.5**

**Snáithe 1: Nádúr na Staire**

**Snáithe 2: Stair na hÉireann**

**Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór**

**Anailísigh** - staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí **2.13**

**Cuir síos** - rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile **2.8**

**Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)** fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna **3.2 3.12**

**Léirigh** - líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin **3.14**

**Léirthiscint a bheith ag... do...**  
- luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air **1.3 3.7**

**Forbair** rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion **1.1 1.7**

**Scrúdaigh** - argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoirimhdí, a idirghaol nó a cheapadh **2.4 2.10 3.3 3.9 3.11**

**iniúch** - anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua **1.5 1.8 2.2 2.7 3.1**

**Meas (cuimhnigh ar...)** - Machnamh a dhéanamh ar thábhacht ruda **1.2 2.6 3.8**

**Taispeáin** - rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil **1.4 1.9 1.10**

**Mínigh** - mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna **2.9**

**Naisc a dhéanamh** - naisc nó cosúlachtaí idir daoine, saincheisteanna, téamaí agus eachtraí a aithint **1.11 2.11**

**Déan díospóireach** - Argóint a dhéanamh le dearcadh nó tuairim, seasamh a threisiú le fianaise **1.6 2.12 3.13**

**Pléigh** - athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí **3.4**

**Fiosraigh** - dlúthbheathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh **2.3 3.6 3.10**

**Aithin** - fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint **2.1 3.5**